

Scéim Údaráis Áitiúla Fhine Gall

2006-2009

faoi Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla

Clár Ábhar

Caibideal	Teideal	Leathanach
1	Cúlra	
	1.1 Réamhrá	
	1.2 Ullmhú na Scéime	
	1.3 Dáta tosaithe na Scéime	
	1.4 Forbhreathnú, ráiteas bunchuspóra agus croiluachanna Údaráis Áitiúla Fhine Gall	
	1.5 Saoránaigh agus cliaint Údaráis Áitiúla Fhine Gall	
	1.6 Ranna feidhmiúcháin Údaráis Áitiúla Fhine Gall	
	1.7 Oifigí lena mbaineann an Scéim seo	
	1.8 Measúnú ar na seirbhísí atá ar fáil cheana féin i nGaeilge	
2	Scéim Teanga	
3	Achoimre ar sheirbhísí atá á soláthar ag Údaráis Áitiúla Fhine Gall	
	3.1 Forbhreathnú ar sheirbhísí	
	3.2 Príomh-mhodhanna cumarsáide scríofa leis an phobal	
4	Cur síos ar sheirbhísí atá ar fáil sa dá theanga oifigiúla san am i láthair	
5	Feabhsú seirbhísí atá le soláthar go dátheangach	
	5.1 Treoirphrionsabail	
	5.2 Oifigí agus Pointí Seirbhíse	
	5.3 Earcaíocht agus lonnú foirme	
	5.4 Oiliúint agus forbairt	
	5.5 Córais fhaisnéise	
	5.6 Foirmeacha iarratais	
	5.7 Beartas ar chruinnithe poiblí	
	5.8 Seirbhísí teileafóin agus fógraí béal	
	5.9 Na meáin chumarsáide agus preaseisiúintí	
	5.10 Leabhráin agus bileoga faisnéise	
	5.11 Bearta cothaithe	
6	Forfheidhmiú, monatóireacht agus athchóiriú	
7	An Scéim Chomhaontaithe a phoibliú	
Aguisín	Aguisín 1: Liosta foirmeacha iarratais	

Scéim Údaráis Áitiúla Fhine Gall

2006-2009

faoi Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla

Caibideal 1: Cúlra

1.1 Réamhrá

Ullmhaíodh an scéim seo ag Údaráis Áitiúla Fhine Gall faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Síníodh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina dhlí ar 14 Iúil 2003. Is é an tAcht an chéad phíosa reachtaíochta a sholáthraíonn creat reachtúil do sholáthar seirbhísí i nGaeilge.

Is é príomhchuspóir an Achta infhaighteacht níos fearr agus caighdeán níos airde seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a chinntiú.

1.2 Ullmhú na Scéime

Dréachtadh an scéim seo de réir na dTreoirínte Faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta do Chomhairle Contae Fhine Gall i Meán Fómhair 2004.

D'fhoilsigh Comhairle Contae Fhine Gall, i gcomhar le Comhairle Baile Bhaile Brigín, fógra ag iarraidh aighneachtaí ó aon pháirtithe leasmhara maidir le hullmhú na dréachtscéime. Tá gach aighneacht a rinneadh le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.fingalcoco.ie

Chun críocha an doiciméid seo, tagrófar do na húdaráis áitiúla thuas go comhchoiteann mar “Na hÚdaráis” nó “Údaráis Áitiúla Fhine Gall” seachas nuair a scríobhtar a mhalairt.

Chuidigh grúpa oibre taobh istigh de Chomhairle Contae Fhine Gall, comhdhéanta d'ionadaithe ó ranna ábhartha agus ó Chomhairle Baile Bhaile Brigín, i ndréachtadh na scéime. Fanfaidh an fhreagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim seo le hardbhainistíocht Údaráis Áitiúla Fhine Gall

Leagann an scéim amach an dóigh ar rún d'Údaráis Áitiúla Fhine Gall a seirbhísí a sholáthar, a oiread agus is féidir, trí mheán na Gaeilge agus cuireann sí láithreáin éagsúla oifigí Údaráis Áitiúla Fhine Gall san áireamh.

Cuimsíonn an scéim fosta gealltanais le measúnú a dhéanamh ar an leibhéal éilimh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge ar bhonn leanúnach agus lena chinntiú go leanann na húdaráis de riar don éileamh seo ar bhealach pleanáilte, soiléir, inrochtana. Tomhaisfidh na húdaráis an leibhéal éilimh ar a seirbhísí trí mheán na Gaeilge trí shuirbhéanna neamhspleácha saoránach a choiminsiúnú go bliantúil. Déanfar monatóireacht leanúnach fosta ar gach iarraidh agus gach ceist a gheofar ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge.

1.3 Dáta tosaithe na scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tosóidh an scéim le héifeacht ó 1ú Deireadh Fómhair 2006 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is luaithe.

1.4 Forbhreathnú, Ráiteas Bunchuspóra agus croíluachanna Údaráis Áitiúla Fhine Gall

Bunaíodh Comhairle Contae Fhine Gall ar 1ú Eanáir 1994. Cumhdaíonn contae Fhine Gall achar 452.7 km.c. agus síneann sé ón Life agus ó chríoch Chathair Átha Cliath go dtí an taobh ó thuaidh de Bhaile Brigín. Meastar gur 220,000 an daonra reatha agus táthar ag súil go méadóidh seo go 260,000 faoin bhliain 2010.

Toghadh Comhairle nua i Mí Mheithimh 2004 agus ina dhiaidh sin comhaontaíodh ar chomhpháirtíocht chomhaontais idir na trí ghrúpa is mó, Fine Gael, An Comhaontas Glas agus Páirtí an Lucht Oibre.

Tá Áras an Chontae ag an Chomhairle i Sord, oifig mhór réigiúnach i mBaile Bhlainséir, oifig níos lú i mBaile Dúill agus tá oifig le hoscailt i mBaile Brigín gan mhoill. Is rún go mbeidh suíomh geografach na n-oifigí seo ina chuidiú ag saoránaigh Fhine Gall teacht ar sheirbhísí na Comhairle ó thaobh istigh de na ceantair a bhfuil siad ina gcónaí agus ag obair iontu.

Ráiteas Bunchuspóra

“Caighdeán beatha na ndaoine a bhfuil muid ag freastal orthu a fheabhsú”

CroíLuachanna

Mar Údarás Áitiúil ta Comhairle Contae Fhine Gall:

- **Cuimsitheach**
- **Forásach**
- **Éifeachtach**

Fíoraímid na CroíLuachanna seo trínár gcuid oibre nuair a:

Neartaímid an daonlathas

Oibrímid i gcomhpháirtíocht

Chuirimid comhionannas agus ceartas chun cinn

Sholáthraímid ceannasaíocht phobail agus thacaímid le forbairt ceannasaíochta taobh istigh den phobal

Táimid oscailte, ionraic, trédhearcach agus sholáthraímid seirbhís den scoth do chustaiméirí Sheacadaimid luach ar airgead

Chuirimid riachtanais na nglún atá le teacht san áireamh i.e. phleanálaimid d'fhorbairt inbhuanaithe
Spreagaimid foireann bhríomhar, nuálach, thiomanta.

1.5 Saoránaigh agus cliaint Údaráis Áitiúla Fhine Gall

- Pobail ar fud Fhine Gall
- Iarratasóirí ar sheirbhísí faoi scéimeanna éagsúla
- Ranna Rialtais
- Gníomhaireachtaí Stáit
- Gnólachtaí tráchtála
- Údaráis áitiúla agus údaráis réigiúnacha eile
- Struchtúir bhord forbartha contae
- Comhpháirtithe sóisialacha agus páirtithe leasmhara earnála
- Gníomhaireachtaí forbartha áitiúla
- Na meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta

1.6 Ranna feidhmiúcháin Údaráis Áitiúla Fhine Gall

1. An Roinn Tithíochta
2. An Roinn Iompair
3. An Roinn Seirbhísí Uisce
4. An Roinn Pleanála, Forbartha Maoine agus Forbartha Geilleagraí
5. An Roinn Comhshaoil
6. An Roinn Pobail, Áineasa agus Taitneamhachtaí
7. An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise
8. An Roinn Dlí
9. An Roinn Daonacmhainní
10. An Roinn Airgeadais
11. An Roinn Gnóthaí Corparáideacha

1.7 Oifigí lena mbaineann an Scéim seo

Gach oifig de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall
Oifigí Chomhairle Baile Bhaile Brigín

1.8 Measúnú ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge cheana féin

Is é príomhchuspóir an Achta infhaighteacht níos fearr agus caighdeán níos airde seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a chinntiú.

Ta Comhairle Contae Fhine Gall ag tacú le grúpaí comhrá Gaeilge don fhoireann sa dá phríomhoifig, Baile Bhlainséir agus Sord, chomh maith le tacú le baill foirne ar mian leo cáilíochtaí Gaeilge a bhaint amach.

Cuireann leabharlanna brainse áirithe ranganna ar fáil don fhoireann agus do bhaill an phobail araon. Bíonn ranganna i leabharlann Bhaile Bhlainséir dhá lá sa tseachtain ar feadh tréimhse deich seachtainí, dhá uair sa bhliain, agus buaileann grúpa chomhrá Gaeilge le

chéile ag meánlae Dé Sathairn. Éascaíonn leabharlann Bhaile Dúill fosta grúpa comhrá Gaeilge ar bhonn seachtainiúil. Bíonn réimse leathan imeachtaí i ngach leabharlann i bhFine Gall le linn Seachtain na Gaeilge.

Feidhmíonn Údarás Áitiúla Fhine Gall tionscnaimh atá dírithe ar an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacú léi, agus scéim aitheantais Ghaeilge ina gcaitheann baill agus baill foirne suaitheantas a léiríonn go bhfuil siad toilteanach Gaeilge a labhairt, agus oíche théamach Ghaeilge bhliantúil do bhaill agus don fhoireann san áireamh.

Aithníonn Údarás Áitiúla Fhine Gall, áfach, go bhfuil réimse seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair agus fáiltimid roimh an deis a chuireann an scéim seo ar fáil lenár seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú a thuilleadh.

Caibideal 2 An Scéim Teanga

- a) Éilíonn Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla ar chomhlachtaí poiblí scéim reachtúil a ullmhú ag tabhairt mionsonraí ar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a chuirfear i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirfear aon seirbhís nach bhfuil á soláthar ag an chomhlacht trí mheán na Gaeilge ar fáil amhlaidh taobh istigh d’amscála a chomhaontófar.

- b) Éilíonn Alt 13 d’ácht na dTeangacha Oifigiúla go bhfuil ceangal ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go
- bhfuil go leor dá bhfoireann inniúil sa Ghaeilge (alt 13(2)(c))

Caibideal 3 Achoimre ar sheirbhísí atá á soláthar ag Údarás Áitiúla Fhine Gall

3.1 Forbhreathnú ar sheirbhísí

Tugann an caibideal seo forbhreathnú ar na seirbhísí atá á soláthar ag Údarás Áitiúla Fhine Gall.

Roinn na n-Ailtirí

- Clár Thógáil Tithe
- Dearadh Uirbeach agus Tionscadail Chaipitiúla
- Seirbhísí Suirbhéireachta Cainníochta

An Roinn Pobail, Áineasa agus Taitneamhachtaí

Ta an Roinn Pobail, Áineasa agus Taitneamhachtaí comhdhéanta de thrí rannán – An Rannán Cultúir agus Spóirt, An Rannán Páirceanna agus An Rannán Leabharlann Poiblí.

An Rannán Pobail, Cultúir agus Spóirt

- Forbairt Pobail agus Spóirt
- Oifig Ealaíon
- Bord Forbartha Fhine Gall
- CAPIF – Baile Bhlainséir

An Rannán Páirceanna

- Páirceanna Réigiúnacha
- Áiseanna Spóirt
- Ionad Oidhreachta Tionsclaíche Mhuileann na Sceirí

An Rannán Leabharlann Poiblí

- Leabharlanna Brainse
- Seirbhís Ghafa sa Teach
- Seirbhís Leabharlainne do Scoileanna
- Seirbhís Leabharlainne Taistil
- Cartlanna Contae agus Staidéir Áitiúla

An Roinn Gnóthaí Corparáideacha

Tá an Roinn Gnóthaí Corparáideacha comhdhéanta de dhá Rannán, An Rannán Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannán Seirbhísí do Shaoránaigh.

An Rannán Seirbhísí Corparáideacha

- Cruinnithe Comhairle
- Clár Toghthóirí
- Deontais Ardoideachais
- Soláthar Earraí agus Seirbhísí
- Tairiscintí
- Scéim Bhéilí Scoile

An Rannán Seirbhísí do Shaoránaigh

- Saoráil Faisnéise
- Ceisteanna don Ombudsman
- Cumarsáidí
- Na Meáin Chumarsáide agus an Preas
- Comhpháirtíocht san Áit Oibre

- Bainistíocht Áiseanna

An Roinn Comhshaoil

- Bonneagar Bhainistíocht Dramhaíola
- Feasacht Comhshaoil agus Athchúrsáil
- Forghníomhú Reachtaíochta Bhainistíocht Dramhaíola
- Rialú Bruscair
- Carranna Tréigthe/Gan Iarraidh
- Truailliú Aeir agus Truailliú de thairbhe Torainn
- Reiligí
- Tránna agus Uisce Snámha
- Rialú Capall agus Madraí
- Bailiú Bruscair

An Roinn Airgeadais

- Oifig Íocaíochtaí
- Rátaí
- Luacháil Maoine
- Muirir Uisce
- Buiséad Bliantúil
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- Cuntais Iníochta
- Párolla
- Árachais

An Roinn Tithíochta

- Athchóiriú Eastáit
- Leithdháileadh Tithe
- Tógáil Tithe
- Cothabháil Tithe
- Bainistíocht Eastáit
- Iasachtaí agus Deontais
- Ioncam Tithíochta
- Cóiríocht do Lucht Siúil

An Roinn Daonacmhainní

- Earcaíocht agus Roghnóireacht
- Oiliúint agus Forbairt
- Leas Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta san áireamh
- Caidreamh Tionsclaíoch
- Aoisliúntas
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Comhionannas

An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise

- Ag forbairt seirbhísí áitiúla
- An tIdirlíon
- Prótacail Rochtana Teachtaireachtaí Idirlín
- Deasc-chabhrach

An Roinn Dlí

- Comhairle Dlí
- Dlíthíocht
- Tíolacadh
- Conarthaí
- Gníomhais Teidil
- Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh

An Roinn Pleanála, Forbartha Maoine agus Forbartha Geilleagraí

Tá an Roinn seo comhdhéanta de dhá Rannán – An Rannán Pleanála agus an Rannán Forbartha Maoine agus Forbartha Geilleagraí.

An Rannán Pleanála

- Plean Forbartha
- Ceadanna Pleanála agus Rialú Forbraíochta
- Struchtúir Chosanta agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta
- Caomhnú agus feabhsú Taitneamhachtaí
- Rialú Tógála

An Rannán Forbartha Maoine agus Forbartha Geilleagraí

- Fáil Maoine
- Bainistíocht Maoine
- Forbairt Tionsclaíoch/Gheilleagrach
- Oifig/Tionscadail Eorpacha
- Forbairt Fhiontraíoch/Gheilleagrach

An Roinn Iompair

- Dearadh agus Tógáil Bóithre
- Trácht
- Bainistíocht an Ghréasáin Bóithre
- Rialú Tógála
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Meicniúil agus Leictreach

An Roinn Seirbhísí Uisce

- Uisce
- Seirbhísí Draenála
- Bainistíocht Uisce Dhromchla
- Rialú Truailithe Uisce
- Freagairt Éigeandála

Comhairle Baile Bhaile Brigín

I measc na bpríomhsheirbhísí agus na bpríomhfheidhmeanna atá á soláthar ag an Chomhairle Baile i mBaile Brigín, tá:

- Cruinnithe Comhairle
- Buiséad Bliantúil/Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- Fostú Áiseanna Comhdhála
- Na Meáin Chumarsáide agus an Preas
- Láithreán Gréasáin

3.2 Príomh-mhodhanna Cumarsáide Scríofa leis an Phobal

De ghnáth bíonn cumarsáidí na n-Údarás lena Saoránaigh maidir lena seirbhísí le fáil i mBéarla amháin, agus i gcásanna áirithe i nGaeilge agus i mBéarla agus iad seo a leanas san áireamh:

- Leabhráin agus bileoga faisnéise
- Foirmeacha iarratais
- Foilseacháin
- Preaseisiúintí
- Láithreán gréasáin
- Fógraí
- Miontuairiscí chruinnithe Údaráis Áitiúil
- Tuarascálacha

Caibideal 4: Cur Síos ar Sheirbhísí Reatha sa dá Theanga Oifigiúla

SEIRBHÍSÍ ATÁ AG FEIDHMIÚ TRÍ MHEÁN NA GAEILGE	SEIRBHÍSÍ ATÁ AG FEIDHMIÚ GO DÁT HEANGACH	SEIRBHÍSÍ ATÁ AG FEIDHMIÚ TRÍ MHEÁN AN BHÉARLA
	<ul style="list-style-type: none"> Leabharlann Bhaile Bhlainséir agus Leabharlann Bhaile Dúill 	<p>Áras an Chontae, Sord</p> <ul style="list-style-type: none"> An Roinn Comhshaoil An Roinn Pleanála, Forbartha Maoine agus Forbartha Geilleagraí An Roinn Pobail, Áineasa agus Taitneamhachtaí An Roinn Gnóthaí Corparáideacha An Roinn Daonacmhainní An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise An Roinn Airgeadais <p>Oifig Bhaile Bhlainséir, Bóthar an Gharráin Baile Bhlainséir</p> <ul style="list-style-type: none"> An Roinn Iompair An Roinn Tithíochta An Roinn Seirbhísí Uisce Gach seirbhís a sholáthraíonn An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise, An Roinn Áineasa agus Taitneamhachtaí, An Roinn Pleanála, Forbartha Maoine agus Forbartha Geilleagraí, An Rannán Folláine Comhshaoil agus An Roinn Gnóthaí Corparáideacha ar an láthair seo <p>Leabharlanna</p> <ul style="list-style-type: none"> Gach seirbhís atá ag feidhmiú ó chúig leabharlanna poiblí, an tseirbhís leabharlainne taistil agus an tseirbhís do dhaoine atá gafa sa teach. Cartlann an Chontae An oifig Staidéar Áitiúil <p>Gach seirbhís ó Chomhairle Baile Bhaile Brigín</p>

Caibideal 5: Feabhsú Seirbhísí atá le soláthar go dátheangach

5.1 Treoirphrionsabail

- Aithníonn Údarás Áitiúla Fhine Gall go bhfuil an ceart ag daoine an teanga a úsáideann siad a roghnú
- Glacann Údarás Áitiúla Fhine Gall leis gur éifeachtaí is féidir le duine cur síos ar a riachtanais ina theanga roghnaithe
- Tuigeann Údarás Áitiúla Fhine Gall gur smior an chleachtais mhaith rogha cheart a thabhairt do dhaoine maidir le húsáid teanga i seirbhísí údarás áitiúil agus go mbíonn torthaí níos fearr air i dtaca le caighdeán seirbhíse de.
- Tá Údarás Áitiúla Fhine Gall tiomanta fosta d'fhorbairt íomhá corparáidí a chuimsíonn an dátheangachas inár seirbhísí uile.

5.2 Oifigí agus Pointí Seirbhíse

Tá dhá phríomhionad seirbhíse ag Comhairle Contae Fhine Gall – ceann amháin ag Áras an Chontae, Sord agus an ceann eile ag Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir. Feidhmíonn an Chomhairle fosta ocht leabharlanna brainse ar fud an chontae. Is ag na láithreáin seo is mó a bhíonn teagmháil dhíreach leis an phobal agus mar sin de is ansin is mó atá acmhainní de dhíth le leibhéal úsáid na Gaeilge a fheabhsú.

Cé nach bhfuil sé d'acmhainn ag Údarás Áitiúla Fhine Gall seirbhís chuimsitheach a sholáthar i nGaeilge thar réimse leathan seirbhísí is iad seo a leanas na céimeanna is rún d'Údarás Áitiúla Fhine Gall a ghlacadh le linn an scéim seo a bheith i bhfeidhm leis an leibhéal seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fheabhsú:

- Críochnófar iniúchadh ar leibhéal inniúlachta Gaeilge gach baill foirne. Aithneoidh an t-iniúchadh 6 leibhéal inniúlachta: Críochnófar an t-iniúchadh seo taobh istigh de thrí mhí (ó thosú na scéime).
- Aithneofar baill foirne i ngach seirbhís a bhfuil scileanna réasúnta nó scileanna maithe Gaeilge acu, ach nach bhfuil líofa go fóill, agus tairgfear oiliúint sa Ghaeilge dóibh le linn uaireanta oifige, ar feadh ré na scéime. Déanfar seo le comhthoil gach baill foirne.
- Le Linn ré na scéime seo, cibé acu trí earcaíocht nó trí fheabhsú scileanna nó trí úsáid foirne, agus i gcomhairle leis an fhoireann agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, cinnteoidh Údarás Áitiúla Fhine Gall:
 - Go mbeidh ball amháin foirne ar a laghad, i ngach roinn, a bheidh inniúil ar sheirbhísí na roinne a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge ó Áras an Chontae, Sord agus ó oifigí Bhaile Bhlainséir.
 - Go mbeidh ball amháin foirne ar a laghad a bheidh in ann seirbhísí údarás áitiúil a sholáthar i nGaeilge ó gach ceann de na Leabharlanna Poiblí.
 - Le linn ré na scéime seo, go ndéanfar obair ullmhúcháin taobh istigh de Chomhairle

Baile Bhaile Brigín le tosú ar an phróiseas le seirbhís trí mheán na Gaeilge a thógáil. Déanfar iniúchadh foirne, ach go háirithe, le leibhéal Gaeilge gach baill foirne a fhionnadh agus cuirfear oiliúint ar fáil le hinniúlacht Gaeilge na foirne a fheabhsú. Déanfar an obair ullmhúcháin seo d'fhonn tabhairt faoi sholáthar seirbhíse ardchaighdeán duine le duine do chustaiméirí ón oifig seo le linn ré na dara Scéime Teanga agus na scéimeanna ina dhiaidh sin.

- Tabharfaidh an t-athbhreithniú ar earcaíocht agus ar lonnú foirne, a bhfuil achoimre tugtha air thíos, aird fosta ar fhorbairt seirbhísí trí mheán na Gaeilge ó gach oifig.

5.3 Earcaíocht agus Lonnú

- Déanfaidh na hÚdaráis, i gcomhar, nuair is cuí, leis an tSeirbhís Ceapachán Poiblí, trí phróiseas comhairleach leis an fhoireann agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, athbhreithniú ar an bheartas earcaíochta agus ar bheartais so-aistritheachta foirne, agus é mar chuspóir acu go leor ball foirne, a bhfuil sé de chumas acu seirbhísí a sholáthar i nGaeilge, a earcú.
Ó dháta tosaithe na Scéime cuirfidh Údaráis Áitiúla Fhine Gall tús le hathbhreithniú le poist ar fud na heagraíochta a aithint, a mbeidh inniúlacht Gaeilge (idir scríofa agus labhartha) riachtanach dóibh.
- Leanfaidh na hÚdaráis d'oibriú agus de chuardach comhaontais le baill foirne atá inniúil sa Ghaeilge le seirbhís i nGaeilge a sholáthar thar réimse seirbhísí, áit a d'fhéadfadh éileamh ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge a bheith ann. Lena gcead, beidh a leithéid de bhaill foirne inaitheanta ag ár Saoránaigh ar ár láithreán gréasáin, san eolaí teileafóin etc.

5.4 Oiliúint agus Forbairt

Leanfaidh na hÚdaráis dá dtiomantas leanúnach le hoiliúint agus forbairt chuí a sholáthar don fhoireann uile, sa dá theanga oifigiúla, le riar do riachtanais fhorásacha ár Saoránach agus le hacmhainn iomlán na foirne a fhorbairt le linn a saoil oibre.

Déanfaidh na hÚdaráis na rudaí seo a leanas:

- Leanúint de thacú le soláthar réimse cúrsaí oiliúna ardchaighdeán Gaeilge don fhoireann, le linn gnáthuaireanta oibre agus ina ndiaidh araon, tríd a Scéim Oideachas Foirne, mar chuid de phlean foriomlán oiliúna na n-Údarás.
- Réimse cúrsaí trí mheán na Gaeilge a sholáthar do bhaill foirne atá líofa sa teanga faoi láthair (m.sh. aistriúchán comhuaineach, scileanna meán cumarsáide, úsáid na Gaeilge ar ríomhairí, gramadach agus scileanna i scríobh litreacha etc.)
- Ábhair agus acmhainní Gaeilge (foclóirí, bogearraí ríomhaire, foilseacháin etc.) a chur ar fáil don fhoireann le forbairt agus soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge a éascú.

- Leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar gach cúrsa, agus cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge san áireamh, lena fhionnadh cad é chomh héifeachtach agus a riarann siad do chuspóirí na n-Údarás.
- Feasacht teanga a chuimsiú mar chuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí araon lena chinntiú:
 - a. go dtuigeann an fhoireann cad chuige a gcuireann an Chomhairle beartas dátheangach i bhfeidhm
 - b. go dtuigeann an fhoireann comhthéacs agus cúlra an bheartais; agus
 - c. go bhfuil iomlán eolais ag an fhoireann faoin dóigh a rachaidh an beartas i bhfeidhm ar a gcuid oibre
 - d. go bhfaigheann an fhoireann tuiscint ionbháúlachta ar riachtanais agus ar ábhair inní Saoránach ar Gaeilgeoirí iad.
- Déanfaidh na hÚdaráis iniúchadh ar mheicníochtaí eile (m.sh. scéimeanna duaise) le forbairt seirbhísí trí mheán na Gaeilge ag an fhoireann a spreagadh agus a chur chun tosaigh, agus le hiarrachtaí na foirne a aithint.

5.5 Córais Fhaisnéise

Déanfaidh na hÚdaráis mar seo a leanas:

- Seoladh cineálach r-phoist a bhunú do cheisteanna i nGaeilge. Cinnteoidh na hÚdaráis go dtabharfar aghaidh ar a leithéid de cheisteanna go pras, mar a dhéantar le ceisteanna i mBéarla.
- A chinntiú go mbeidh leagan amach láithreán ghréasáin na n-Údarás dátheangach, maidir le nascleanúint agus ábhar araon. (Beidh an nascleanúint curtha i gcrích taobh istigh de 12 mí ó dháta tosaithe na scéime agus beidh an t-ábhar agus na tuarascálacha a bhaineann leis curtha i gcrích faoi dheireadh thréimhse na scéime. Cuirfear foirmeacha dátheangacha ar an láithreán gréasáin nuair a bheidh gné foirmeacha na scéime curtha i gcrích).
- Leanúint d'infhaighteacht na seirbhíse Gaeilge a chur chun cinn ina rannáin éagsúla trí shonraí teagmhála a liostú ar an láithreán gréasáin do Shaoránaigh. De réir mar a bheidh seirbhísí nua ar fáil, is rún go leasófar an liosta seo chun dáta ar bhonn leanúnach. Mar thoradh breise air seo méadófar muinín an phobail as infhaighteacht seirbhíse ardchaighdeáin i nGaeilge agus scaoilfear an glas d'éileamh folaithe ar sheirbhísí i nGaeilge.
- Leanúint d'fhorbairt chóras inlín na Comhairle mar acmhainn foirne leis an dátheangachas a chur chun tosaigh: litriú ceart logainmneacha, cuidiú ar scríobh litreacha, abairtí d'fháilteoirí, ainmneacha post agus seirbhísí taobh istigh den Chomhairle, óráidí foirmeálta etc.
- Iniúchfar cumas leathnú úsáid bhogearraí aistriúcháin taobh istigh den eagraíocht.

- Beidh lánchumas ag aon chórais nua ríomhaireachta a shuiteálfar Gaeilge a láimhseáil, faoi réir infhaighteachta.
- Cuirfear gach córas atá ann, más gá, in oiriúint don Ghaeilge in éineacht leis an chéad obair oiriúnach, phleanáilte chothabhála nó uasghrádaithe eile.
- Tabharfar isteach aon seirbhísí nua idirghníomhacha, a cheadáíonn don phobal i gcoiteann iarratais a dhéanamh nó sochair a fháil ar líne, go comhuaineach sa dá theanga, faoi réir infhaighteachta.
- Cinnteoidh na hÚdaráis Áitiúla go dtógfar cumas gach pacáiste ríomhaireachta thuasluaite i ngach teagmháil tosaigh agus i ngach déileáil ina dhiaidh sin le sainchomhairleoirí, comhlachtaí etc.

5.6 Foirmeacha Iarratais

Tá liosta foirmeacha iarratais agus an teanga a bhfuil siad ar fáil inti faoi láthair leagtha amach in Aguisín a hAon.

Taobh istigh de 18 mí ó thosach na scéime beidh gach foirm iarratais agus gach bileog fhaisnéise a bhaineann leo ar fáil i bhformáid dháttheangach, nó i leaganacha aonarachta Gaeilge agus Béarla, ó gach Oifig Údaráis Áitiúla Fhine Gall ar fud an Chontae.

5.7 Beartas ar Chruinnithe Poiblí

Bíonn gach cruinniú poiblí de chuid na Comhairle i mBéarla.

Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil do chomhaltaí tofa ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.

5.8 Seirbhísí ar an Teileafón agus Fógraí Béal

1. Is iad fáilteoirí / oibreoirí lasc-chláir na chéad phointí teagmhála leis an phobal. Faoi láthair tá an tseirbhís seo ar fáil go príomha i mBéarla. Faoi dheireadh na scéime seo:
 - forbrófar seirbhís ar leith fáiltithe teileafóin i nGaeilge, a chuirfidh ar chumas Saoránach, ar Gaelgeoirí iad, ar fud an chontae uile teacht ar sheirbhísí Údaráis Áitiúil i nGaeilge agus a gcéad teagmháil tosaigh leis an Údarás Áitiúil a bheith pléite go hiomlán i nGaeilge. (In áit faoi dheireadh na scéime)
 - beidh an fhoireann fháiltithe / nasc-chláir i ngach oifig in ann ainm na Rannóige a thabhairt i nGaeilge, agus
 - beidh siad ar a laghad aithnidiúil ar na bunbheannachtaí i nGaeilge, agus cuirfear socruithe cuí in áit sa doigh is gur féidir leo baill den

phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá de dhíth a thairiscint trí mheán na Gaeilge.

2. Is é beartas na n-Údarás oibriú lena chinntiú go mbeidh gach fógra béil réamhthairiscint dár Saoránaigh i nGaeilge, nó i mBearla agus i nGaeilge. Bainfear an cuspóir seo amach faoi dheireadh na scéime reatha.
3. Feidhmíonn ár gcóras reatha curtha teachtaireachtaí réamshocraithe teileafóin i mBearla amháin. Is rún, áfach, an tseirbhís seo a thairiscint sa dá theanga oifigiúla. Bainfear an cuspóir seo amach faoi dheireadh na scéime reatha.

Féadann baill aonarach foirne, áfach, teachtaireachtaí a fhágáil sa teanga aonarach is rogha leo, nó go dátheangach.

5.9 Na Meáin Chumarsáide agus Preaseisiúintí

Aithneofar baill foirne údarásacha i ngach Seirbhís, más infhaighte iad, le hagallaimh a dhéanamh leis na Meáin Chumarsáide Gaeilge, go háirithe Ráidió na Gaeltachta agus TG4.

Cuirfear liosta dá leithéid de bhaill foirne, agus a sonraí teagmhála san áireamh, ar fáil do na meáin chumarsáide Gaeilge. Leasófar an liosta seo chun dáta agus cuirfear ar fáil ar bhonn leanúnach é.

Taobh istigh de ré na scéime seo, eiseofar gach preaseisiúint ó Údaráis Áitiúla Fhine Gall go dátheangach.

5.10 Leabhráin agus Bileoga Faisnéise

Is rún dúinn go mbeidh gach leabhrán agus gach bileog fhaisnéise, a sholáthraíonn faisnéis don phobal, go hiomlán dátheangach faoi dheireadh na scéime seo.

Leanfar d'fhoilsiú doiciméad de shaghas teicniúil i mBearla amháin, seachas nuair atá spéis níos mó ag an phobal sa scéal nó nuair atá tábhacht áitiúil leis; i gcás acu seo cuirfear leagan dátheangach nó achoimre i nGaeilge ar fáil. (Faoi dheireadh na scéime)

5.11 Bearta Cothaithe

Seo a leanas roinnt moltaí breise a leanfaidh an Chomhairle de chur ar fáil agus/nó a fhéachfaidh sí le forbairt le linn ré an phlean:

- Rannpháirtíocht i Seachtain na Gaeilge (m.sh. imeachtaí/taispeántais i seirbhísí leabharlainne)

- Cothú méadaithe Scéim an Fháinne saorálach i measc na foirne sa dóigh is go mbeidh baill foirne ar Gaelgeoirí iad inaitheanta go héasca ag an phobal agus ag a chéile.
- Imeachtaí sóisialta Gaeilge a eagrú don fhoireann trí chumann sóisialta, agus maidineacha caifé agus sosanna lóin Gaeilge san áireamh.
- Páirt/ábhar nach beag Gaeilge a chuimsiú sa nuachtlitir foirne.

Caibideal 6: Forfheidhmiú, Monatóireacht agus Athchóiriú

Aon uair amháin a bheidh an scéim ceadaithe, rachaidh an Ardbhainistíocht i gceannas ar ullmhú plean fhorfheidhmithe 3 bliana. Aithneoidh agus leagfaidh plean forfheidhmithe gach stiúirthóireachta príomhshlata tomhais a ndéanfar dul chun cinn a thagarmharcáil os a gcoinne, trí thuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ó gach stiúirthóireacht chuig Bainisteoir an Chontae. Cuirfear dul chun cinn foriomlán na heagraíochta ar fáil don phobal agus do chomhaltaí tofa tríd an Tuarascáil Bhliantúil.

Coinneoidh an Fhoireann Ardbhainistíochta feidhmiú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú, go príomha trí na meicníochtaí a bhfuil achoimre orthu thuas.

Déanfaidh ball sinsearach tiomnaithe foirne athbhreithniú leanúnach ar fhorfheidhmiú na scéime.

Déanfaidh Údarás Áitiúla Fhine Gall fardal Soláthair agus Éilimh ar sheirbhísí Gaeilge thar gach Seirbhís Údarás Áitiúil

Is féidir go dtionscnóidh na hÚdaraí gníomhaíochtaí eile forbartha nach bhfuil cumhdaithe sa scéim seo.

Caibideal 7: An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Poibleofar ábhair na scéime seo don phobal i gcoiteann trína nithe seo a leanas:

- Preaseisiúint
- Seoladh Oifigiúil na Scéime
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí
- Láithreán gréasáin

Cibé áit a bhfuil an acmhainn le seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil bunaithe ag Údarás Áitiúla Fhine Gall, cuirfimid infhaighteacht na seirbhíse chun tosaigh trínár láithreán gréasáin, ár gcomharthaíocht agus trí fhaisnéis ag Ionaid Seirbhíse Poiblí etc.

